CORA Cork Open Research Archive
Cartlann Taighde Oscailte Chorcaí

| | |
|---|---|
| Title | Lámhscríbhinní gaeilge i leabharlanna sa tuaisceart |
| Authors | Ó Doibhlin, Crónán |
| Publication date | 2007-02 |
| Original Citation | Ó DOIBHLIN, C. 2007. Lámhscríbhinní gaeilge i leabharlanna sa tuaisceart. An Leabharlann, 17, 28-29. |
| Type of publication | Article (non peer-reviewed) |
| Download date | 2026-09-25 04:33:03 |
| Item downloaded from | https://hdl.handle.net/10468/515 |

UCC
University College Cork, Ireland
Coláiste na hOllscoile Corcaigh

An Leabharlann – The Irish Library February 2007 Volume 17 Issue 1

# Lámhscríbhinní Gaeilge i Leabharlanna sa Tuaisceart
An introduction to Gaelic manuscripts in Libraries in the North of Ireland

Crónán Ó Doibhlin

Is traidisiún lámhscríbhinne é traidisiún liteartha na Gaeilge agus tá a bhfuil againn d'oidhreacht liteartha ar caomhnú i lámhscríbhinní a thagann anuas chugainn ón 17ú, ón 18ú agus ón 19ú haois. Tá breis agus 4000 de na lámhscríbhinní seo ann, an mhórchuid acu ar caomhnú in institiúidí poiblí in Éirinn agus thar lear. Tá roinnt áirithe fosta ar lámha ag daoine príobháideacha [de Brún 1972 : 16].

De réir na fianaise atá ar fáil bhí ról tábhachtach ag an lámhscríbhinn i saol na ndaoine agus iad mar lámhscríbhinní an-chúramach acu. De réir Crofton Croker ní raibh sráidbhaile i gCúige Mumhan nach mbíodh lámhscríbhinn ann [Croker 1824 : 331], agus i ndeireadh an 18ú aois, thug an Gearmánach, J.G. Kohl, an ghné chéanna faoi deara. "They do not like to lose sight of them" (i.e. na lámhscríbhinní) a scríobh sé "and then there were times when they might read a bit in them" [Kohl 1843 : 31]. Tá na cnuasachtaí lámhscríbinní is mó agus is tábhachtaí i Leabharlann Náisiúnta na hÉireann, in Acadamh Ríoga na hÉireann agus i gColáiste na Tríonóide i mBaile Átha Cliath, ach tá, san am chéanna, cnuasachtaí beaga tábhachtacha ar caomhnú abhus sna Sé Chontae. (Tá íomhanna ríomhaire ó na bailiúcháin is tábhachtaí ar fáil ar an ghréasán domhanda ag an Tionscnamh Meamram Páipéar Ríomhaire (ISOS) ag www.isos.dcu.ie.). Agus ó tharla go dtáinig na lámhscríbhinní a bhailigh Lúcas Ó Domhnalláin, Lorcán Ó Muirí agus Tomás Ó Fiaich ar ais go hArd Mhacha go Cartlann agus Leabharlann Uí Fhiaich ar na mallaibh, ní miste san eagrán seo d'*An Leabharlann* aird a tharraingt arís ar a bhfuil fágtha de lámhscríbhinní Gaeilge sa Tuaisceart, nó is bunfhoinsí luachmhara iad ar an saol a bhí agus ar an chultúr a bhí, agus is éarlais iad b'fhéidir ar shaol agus dhomhan atá le hathchruthú.

Tá an cnuasach lámhscríbhinní is mó sna Sé Chontae ar fáil sa Leabharlann Phoiblí i mBéal Feirste. Tá 44 de lámhscríbhinní ann agus is leis an Belfast Natural History and Philosophical Society iad. Tá clár déanta ar ábhar na lámhscríbhinní ag Breandán Ó Buachalla [Ó Buachalla 1962]. Chomh maith leis sin tá staidéar ríspéisiúil déanta ag Ó Buachalla ar scríobhaithe agus ar phatrúin na lámhscríbhinní seo, [Ó Buachalla 1968] agus sa chomhthéacs sin is fiú amharc ar an taighde atá déanta ag Séamus Ó Casaide [Ó Casaide 1930].

Léiríonn saothar Uí Bhuachalla an dóigh a raibh an Ghaeilge agus oidhreacht na Gaeilge ina nasc idir Caitlicigh agus Protastúnaigh sa saol ó thuaidh san 18ú agus 19ú haois. Agus ní mór a rá fosta go bhfuil againn sna lámhscríbhinní sin téacsanna, idir phrós is fhilíocht, atá tábhachtach ó thaobh stair na litríochta de. Agus nach mbeadh trua ag duine ar bith do Dhonnchadh Mac an Chléirigh a scríobh Ls. XXXIV sa Leabharlann Phoiblí agus a bhfuil an ghluais seo a leanas aige ar an lámhscríbhinn sin:

“Giodh olc an litir sin thuas a nas féin ní dóigh leam go mairfi sí go buan, dubh uisge atá ann.  Páirt do ghnathughadh an bacaigh gan gléus maith sgríbhneoracht diarradh, bord nó ríaghail, ní bhí leam acht droch pheann, sgríbhneoracht ar mo ghlúin.”

(Scríobhadh an lámhscríbhinn seo thart fá 1757-58)  [Ó Buachalla: 1962: 37-38].

Tá cnuasach mór eile i gColáiste Mhaolmhaodhóg – áit a mbíodh 32 lámhscríbhinn. Lámhscríbhinní Uí Laifeartaigh iad seo nó ba é an Moinsíneoir James Laverty a d’fhág ag an Choláiste iad.  Ba é Eoin Mac Néill a rinne clárú ar ábhar na lámhscríbhinní seo fadó [Mac Néill 1906] agus tá forlíonadh déanta air sin ag Cathair Ó Dochartaigh ó shin [Ó Dochartaigh 1984].  Tá dréachtaí sa chnuasach sin le Peadar Ó Doirnín, file mór de chuid Oirialla san 18ú haois agus dréachtaí le Pádraig Ó Pronntaigh, duine de na scríobhaithe is oilte a bhí suas san 18ú haois.  De réir Mhic Néill, is ábhar crábhaidh an ceathrú cuid den ábhar agus ina measc sin tá cnuasach beag glaoite de sheanmóirí ó Chontae an Dúin.

Bhí lá den saol 21 lámhscríbhinn in Ollscoil na Ríona ach ar chuma éigin is cosúil gur “shiúladar”; ach ar amharaí an tsaoil bhí micrascannán déanta díobh ag an Leabharlann Náisiúnta i mBaile Átha Cliath.  Chomh maith leis sin tá cnuasach mór lámhscríbhinní a bhaineann le Bunting in Ollscoil na Ríona, agus ina measc sin tá cnuasach amhrán a rinne Pádraig Ó Loingsigh ó Loch an Oileáin, Co. an Dúin, maraon le haistriúcháin – cnuasach sárluachmhar ag lucht ceoil agus teanga araon  [Moloney : 2000].

Tá 3 lámhscríbhinn in Oifig na dTaiféad Poiblí i mBéal Feirste ach is lámhscríbhinní iad a bhaineann le Cúige Mumhan.  Tá lámhscríbhinn amháin i gColáiste Cholm Cille, Doire. Is é atá ann cóip d’Annála na gCeithre Maistrí a rinne Eoghan Ó Comhraí san 19ú haois.

Tá na cnuasaigh lámhscríbhinní a bhailigh Lúcas Ó Domhnalláin, Lorcán Ó Muirí agus Tomás Ó Fiaich anois i gCartlann agus Leabharlann Uí Fhiaich.  Agus iad ar deoraíocht i Má Nuad rinne Pádraig Ó Fiannachta cláir ar an ábhar atá iontu [Ó Fiannachta 1980 : 1-26], [Ó Fiannachta 1969 : 108-134].  Agus an dá lámhscríbhinn a bhí ar iarraidh ó chnuasach Uí Dhomhnalláin (Don. 6 agus Don. 7), tá siad tar éis teacht chun solais arís agus iad slán sabhailte [Ó Doibhlin 2000 : 117-133].  Chomh maith leis sin bhí i measc chuid páipéar an Chairdinéil trí lámhscríbhinn eile, ceann le hAodh Gaelach Mac Donaill, ceann le Pádraig Ó Ceallaigh agus ceann le Pádraig Ó Domhnaill.

Agus ar ndóigh tá lámhscríbhinní eile ó Chúige Uladh ar fáil i measc na gcnuasach sin de lámhscríbhinní atá in institiúidí in Éirinn agus thar lear.

<u>Tagairtí</u>

Croker, T. Crofton  *Researches in the South of Ireland* London (1824).

de Brún, P. “Gan teannta buird ná binse – scríobhaithe na Gaeilge, c. 1650-1830” *Comhar* (Samhain 1972), 15-20.

Kohl, J.G. *Ireland* London (1843).

Mac Néill, E. “The O’Laverty manuscripts” I,II, III & IV in *Irisleabhar na Gaeilge* Iml. 16 (1906) 177-179, 193-197, 209-213, 225-227.

Moloney, C. *The Irish music manuscripts of Edward Bunting (1773-1843)* Dublin (2000).

Ó Buachalla, B. *Clár na lámhscríbhinní Gaeilge i Leabharlann phoiblí Bhéal Feirste* BÁC (1962).

Ó Buachalla, B. *I mBéal Feirste cois cuain* BÁC (1968).

Ó Casaide, S. *The Irish language in Belfast and County Down AD 1601-1850* Dublin (1930).

Ó Dochartaigh, C. “The O’Laverty manuscripts” in *The Collegian* St. Malachy’s College, Belfast, 1983-84 48-51.

Ó Doibhlin, D. “Na Lámhscríbhinní caillte –Don. 7 agus Don.8.” in *Seanchas Ard Mhacha* Vol. 18 No. 1 1999-2000 pp 117-133.

Ó Fiannachta, P. *Clár lámhscríbhinní GaeilgeCholáiste Phádraig Má Nuad – Clár* Fasc. VI BÁC (1969).

Ó Fiannachta, P. *Clár lámhscríbhinní Gaeilge – Leabharlanna na Cléire agus mionchnuasaigh* Fasc. II BÁC (1980).